

TUARASCÁIL
BHLIANTÚIL
2005

Clár

Na Stiúrthóirí agus faisnéis eile	1
Tuarascáil an Chathaoirligh	4
Tuarascáil na Stiúrthóirí	8
Ráiteas i leith freagrachtaí na Stiúrthóirí	18
Tuarascáil an Iniúcháora	20
Ráiteas i leith polasaithe cuntasáíochta	24
Cuntas ioncaim agus caiteachais	29
Ráiteas i leith na ngnóthachan agus na gcaillteanas aitheanta iomlán	30
Clár comhardaithe	31
Ráiteas i leith shreabhadh airgid	32
Réiteach glansreabhaidh airgid le gluaiseacht sa ghlanfhiachas	32
Nótaí atá ina gcuid de na ráitis airgeadais	34
Aguisíní	
Aguisín 1: Staitisticí i leith Leabhar na nlasachtaí	58
Aguisín 2: Graif i leith Leabhar na nlasachtaí agus Treochtaí Airgeadais	61
Aguisín 3: Struchtúr na Foirne	64

NA STIÚRTHÓIRÍ

AGUS FAISNÉIS EILE



- Bord na Stiúrthóirí**
- H - Edward Coffey (Cathaoirleach) (1, 3, 4)
 - G - James Hehir (Bainistíocht) (1, 5)
 - B - Lorcan Allen (2, 4)
 - C - An tAth. Patrick Cogan (2, 3, 4)
 - E - Maria Graham (1, 3, 4)
 - A - Michael Hayes (2, 4)
 - L - Maureen Lynnot (2, 3, 4)
 - K - Jackie Maguire (2, 4)
 - J - Mary Malcolm (2, 4)
 - F - Thomas Reilly (1, 4)
 - D - Áine Stapleton (1,4)
 - I - Teresa White (2, 4)



- Príomhchoistí Boid**
- 1. Coiste Airgeadais
 - 2. Coiste Iniúcháireachta
 - 3. Coiste Luach Saothair
 - 4. Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin
 - 5. Stiúrthóir Feidhmiúcháin

Rúnaí agus Oifig Chláraithe
Barry O'Leary, F.C.C.A.
Teach Eden
15/17 Cé Éidín
Baile Átha Cliath 1

Iniúcháirí
KPMG
Cuntasóirí Cairte
1 Plás Mháistir an Chuain
IFSC
Baile Átha Cliath 1

Aturnaetha
McCann FitzGerald
Aturnaetha
2 Plás Mháistir an Chuain
IFSC
Baile Átha Cliath 1

A & L Goodbody
IFSC
Cé an Phoirt Thuaidh
Baile Átha Cliath 1



TUARASCÁIL AN CHATHAOIRLIGH



Réamhrá

Seo é an 24ú Tuarascáil bhliantúil de chuid na Gníomhaireachta – an cúigiú ceann, agus an ceann deiridh liomsa mar Chathaoirleach ar an mBord Stiúrthóirí reatha, a bhfuil críoch lena dtéarma mí Nollag 2006. Cuireann sé clabhsúr le tréimhse cúig bliana an-bhorracha i saol na Gníomhaireachta. Ag breathnú siar dom ar an mbliain seo caite, ba mhaith liom an tréimhse a chur i gcomhthéacs na rudaí ar éirigh leis an mBord a bhaint amach le linn a thréimhse oifige de chúig bliana, agus ba mhaith liom tagairt do na dúshláin a bheidh os comhair na Gníomhaireachta le linn an chuid eile den deichniúr bliain seo.

Iasachtaí d’údaráis áitiúla agus do chomhlachtaí tithíochta deonái
Tá áthas orm tuairisciú ar bhliain eile inar éirigh leis an nGníomhaireacht a théarmaí tagartha a chomhlíonadh chun airgeadas ar iasacht a sholáthar d’údaráis áitiúla. Bhí glanmhéid de €197 milliún sna hairleacain iasachta a tugadh, méadú suntasach ar 2004. Sa tréimhse cúig bliana go Nollaig 2005, bhí ollmhéid de €3.2 billiún sna hairleacain iasachta. Den mhéid seo eisíodh €578.8m sa bhliain 2005. Mar ba dhóigh i leabhar iasachta a bhfuil ann le 23 bliana, bhí fás rialta freisin ar fhuascailtí iasachtaí agus ar aisíocaíochtaí blianachtaí. Bhí méid de

€1.3 billiún iontu sa tréimhse seo. Go foriomlán, d’fhás an leabhar iasachta de 138% go dtí €2.9 billiún sa tréimhse 2000 go dtí 2005.

Rud an-tábhachtach i saol an Bhoird seo ab ea achtú Mhír 17 den Acht um Thithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 2002. Thug an tAcht an chumhacht don Ghníomhaireacht iasachtaí a thabhairt go díreach don earnáil tithíochta dheonach agus chomharaíochta. Thus sé cead don Ghníomhaireacht freisin iasachtaí a thabhairt d’údaráis áitiúla chun críoch caipitil ar bith atá údaraithe faoi na hAchtanna um Thithe, 1966 go 2002, faoi na hAchtanna Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta), 1878 go 1995, faoi na hAchtanna um Bainistíocht Dramhaíola, 1996 agus 2001, agus faoin Acht um Sholáthairtí Uisce, 1942. Faoi réim an AE um chúnamh stáit, ní foláir don Ghníomhaireacht cead an Choimisiúin a fháil chun ráthaíocht rialtais dá hiasachtaí a úsáid. Rinneadh sin go rathúil i dtaca le hiasachtaí a thabhairt go díreach don earnáil tithíochta dheonach, ach go fóill ní dhearnadh é maidir le tionscadail uisce, dramhaíola agus chomhshaoil. Tá an Ghníomhaireacht ag tosú anois ar a céad iasacht dhíreach a thabhairt do chomhlacht tithíochta deonái, agus tá sí ag fiosrú an féidir iasachtaí gan ráthaíocht a

thairiscint d’údaráis áitiúla chun soláthar le haghaidh áiseanna uisce, draenála agus dramhaíola a mhaoiniú.

Tá áthas orm a rá go bhfuair an Ghníomhaireacht cead ó Choimisiún an AE le linn 2005 an ráthaíocht stáit a úsáid chun cistí a chruinniú le haghaidh an bhonneagair shóisialata, amhail áiseanna pobail, etc., a chuireann údaráis áitiúla agus oifigí údaráis áitiúil ar fáil. Bhí an-éileamh ar an maoiniú seo ó údaráis áitiúla, agus is cúis áthais dúinn bheith in ann freastal ar a gcuid riachtanas.

Rátaí Úis
Bhí d’ádhr ar an mBord seo go raibh aige tréimhse an-fhada ina raibh rátaí úis níos ísle agus níos cobhsaí ná mar a bhí le fada an lá. Anois, Earrach 2006, tá an chosúlacht ann go dtiocfaidh ardú arís ar rátaí úis. Is cuma cén leibhéal absalóideach a bheidh ag na rátaí, is í aidhm na Gníomhaireachta an ráta úis is ísle is féidir léi a thabhairt do lucht iasachta – teaghlaigh agus údaráis áitiúla – i gcomhréir lena costais riaracháin a chumhdaigh agus le soláthar a dhéanamh in aghaidh priacail dá punann. Faoi láthair, faigheann teaghlaigh tairbhe ó ráta morgaiste atá timpeall 0.4% faoi mheán rátaí caighdeánacha an mhargaidh. Tugann an Ghníomhaireacht cistí ar iasacht d’údaráis

áitiúla chun críocha eile tithíochta ar rátaí fíoriomaíocha agus le coinníollacha solúbtha aibíochta agus aisíochta.

Gneithe uathúla i gcuntais na bliana seo

Tionscnaíodh dhá chaighdeán nua chuntasaíochta (FRS 25 agus FRS 26) i mbliana a d’imir tionchar ábhartha ar an nGníomhaireacht. Ciallaíonn feidhmiú na gcaighdeán seo cur chuige difriúil cuntasaíochta i roinnt réimsí, ar a bhfuil aitheantas d’ús ar iasachtaí ar rátaí seasta úis, ar bhonn Ráta Úis Éifeachtach (REÚ) (EIR); úsáid a bhaint as cuntasaíocht ar luach cóir go háirithe maidir le díorthaithigh; agus méadú suntasach sna riachtanais faisnéise maidir le hionstraimí airgeadais. Le hais na gcaighdeán nua cuntasaíocha seo, i ráitis airgeadais 2005 léirítear forálacha nua maidir le FRS 17 i dtaca le sochair scoir.

Léirítear faisnéisí agus riachtanais na gcaighdeán seo go hiomlán i dTuarascáil na Stiúthóirí agus sna nótaí leis na ráitis airgeadais.

Brabúsacht/cúlchistí agus bainistíocht priacail

Timpeall deich mbliain ó shin thosaigh an Ghníomhaireacht ar a cúlchistí a mhéadú chun riar ar an bpríacal féideartha úis atá ina cuid leabhar, ar aghaidh go dtí 2018, de bharr an laghduithe ghéir ar rátaí úis a bhain le dul isteach san AEA (*EMU*) ag an am. Baineann na priacail den chuid is mó le réamhaisíoca d’iasachtaí ar ardráta seasta agus le hiasachtaí treoirnasctha a mhaoinítear le bannaí fad-dátaithe. Gach bliain, i mo ráiteas bliantúil, leag mé béim ar

an tábhacht a bhain leis an bpríacal seo, agus léirigh mé na bearta atá i bhfeidhm leis na blianta chun déileáil leis. Tá cúlchistí reatha de €33 milliún curtha ar leataobh chun na críche seo. Mar a thuar mé i mo thuarascáil don 2004, tá na priacail seo anois ar tí teacht i láthair. In 2005 bhí orainn €0.75m a tharraingt as na cúlchistí. Méadóidh na caillteanais in 2006 agus 2007, agus titfidh siad siar in 2008 nuair a fhuasclófar banna treoirnasctha go luath sa bhliain sin. Is fiú a rá arís gur beart atá pleanáilte go cúramach úsáid na gcúlchistí. Mairfidh an beart seo ar feadh móran blianta amach anseo. Gach bliain, déantar athmheasúnú ar na priacail i dtaca le toscaí reatha agus féideartha, agus déanann an Bord na coigeartuithe is gá chun riar ar aon athruithe atá riachtanach. Mar shampla, bhí méadú beag de 0.05% i gcorrlach ár rátaí morgáiste mí Eanáir 2005. Más féidir an méadú i nglan-iasachtaí nua in 2005 a bhuanú sna blianta romhainn, tá muinín agam go mbeifear in ann a dhóthain cúlchistí breise a ghiniúint gan méaduithe breise i gcorrlaigh na rátaí úis.

Maoiniú imeachtaí na Gníomhaireachta

Le linn 2005, maoiníodh glaniasachtaí agus glanfhiachas nua as eisiúintí faoi chlár páipéir eurothrachtála na Gníomhaireachta agus as iasachtaí nua. Maidir leis an gcéad cheann díobh seo - agus é faoi ráthaíocht Aire Airgeadais na hÉireann – tá na rátálacha gearrthéarma is airde ó Moody’s agus Standard & Poor’s aige. Déanann Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) (*NTMA*) nótaí a eisiúint thar ár gcéann. Tá an socrú seo i bhfeidhm ó mhí

Mhárta 2003 agus tá ag éirí go maith leis. Is é an buntáiste is mó atá ag an mbaint leis an GBCN ná go ndéantar eisiúint nótaí na Gníomhaireachta agus na hÉireann as láimh a chéile agus go mbíonn sábháilteachtaí de thoradh úsáid na gcumhachtaí sa reachtaíocht ábhartha, a ligeann don GBCN gníomhú mar fhrithpháirtí maidir le heisiúintí nótaí fálaith in airgeadraí eachtracha. Tá caidreamh gnó den scoth ag an nGníomhaireacht leis an GBCN, agus táimid buíoch di as an dícheall lena ndéantar na heisiúint nótaí a riar. Bhí na glansábháilteachtaí is féidir a lua leis na socruithe seo cosúil le sábháilteachtaí 2004. Go luath mí Feabhra 2006, ceadáíodh an clár lena liostú ag Stocmhalartán na hÉireann. Déanfaidh sé seo an clár níos tarraingtí do chistí áirithe thar lear.

Bíonn spéis ag an nGníomhaireacht i gcónaí cur le fad mheánaibíocht a cuid fiachais, agus fuarthas deis chuige sin in 2005. Tar éis tairisceana, críochnaíodh iasacht nua cúig bliana de €250 milliún ar ráta inathraithe. Tá corrlach ag an iasacht thiomanta seo atá go substaintiúil faoina ráta tagartha EURIBOR. Tá sé ar luach atá thar a bheith maith.

Chun a chinntiú gur féidir leis an nGníomhaireacht freagairt go tapa costeifeachtach ar iarratais ónár gcustaiméirí, na húdaráis áitiúla, tá punann d’iasachtaí eile ag an nGníomhaireacht, ar nós áiseanna eisiúna nóta agus rótharraingtí. Cuireann siad ar chumas na Gníomhaireachta airgead a chruinniú agus a aisíoc ar bhonn níos solúbtha costéifeachtaí san aon lá amháin. Le láimhdeachas d’airgead agus dá choibhéis a bhí níos mó ná €35 billiún in

2005, tá an Ghníomhaireacht, nach bhfuil ach beirt d’foireann chisteáin aici, ag braith ar chomhoibriú eifeachtuil ár gcomhpháirtithe. Gabhann an Ghníomhaireacht buíochas dár mbaincéirí agus do na hinstitiúidí airgeadais eile, do chláraitheoirí agus ghníomhairí ioca as na seirbhísí éifeachtacha a tugadh i rith na bliana.

Scothsheirbhís do Chustaiméirí

Tá polasaí Scothsheirbhís don Chustaiméir (SSC) i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht. I mo thuarascáil do 2004, luadh dul chun cinn sa chéad bhliain den fheidhmíocht a thomhas i réimsí éagsúla d’obair na Gníomhaireachta. Tá áthas orm gur féidir liom a rá go ndearnadh a thuilleadh dul chun cinn in 2005.

Maidir le *hairleacain iasachtaí d’údaráis áitiúla*, d’ardaigh an Ghníomhaireacht a sprioc chun 95% d’airleacain a dhéanamh laistigh de 7 lá ón iarratas a fháil. D’éirigh leis an nGníomhaireacht 91.4% dá hiasachtaí a eisiúint laistigh den sprioc-am sin.

Is tomhas soiléir é *déileáil go tráthuíl le comhfhreagras ó fhoinsí seachtracha* ar a fheabhas is atá eagraíocht ag freastal ar a cuid custaiméirí. Leanann an Ghníomhaireacht ar a sprioc a chomhlíonadh agus gach comhfhreagras ó fhoinsí seachtracha a fhreagairt laistigh de sheachtain oibre.

Sainaithnítear *oiliúint agus forbairt foirne* mar thosaíocht i Lámhleabhar Polasaithe agus Ghnáthamh na Gníomhaireachta . Is í ár sprioc a chomhionann is 4% de chostais phárolla a chaitheamh ar oiliúint. Tá an sprioc sin beagnach sroichte, le haschur de 3.4% do 2005 (3.0% in 2004). Táimid ag súil lena

thuilleadh dul chun cinn a dhéanamh sa réimse seo in 2006.

Is tomhas tábhachtach é *cloí lenár Lámhleabhar Polasaithe agus Gnáthamh* maidir le dílseacht na Gníomhaireachta do rialachas corparáideach struchurtha cuí. Déantar tuairisciú air seo dhá uair sa bhliain, agus déanann an Coiste Iniúcháireachta an scéal a athbhreithniú. B’í ár sprioc i leith SSC sa réimse seo go mbeadh líon na sáruithe ar Pholasaithe agus Ghnáthaimh (seachas sáruithe de bharr neamhláithreachtaí foirne) faoi bhun 10. Tá áthas orm a rá gur bhainea-mar amach ár sprioc, gan tuarascáil eisceachta ar bith dá leithéid in 2005 (4 cinn in 2004).

Tá ag éirí go maith leis an bplean gníomhaíochta ar glacadh leis in 2003 faoin bPlean Gníomhaíochta um Choinneáil an Dul Chun Cinn. Cuireadh dhá thuarascáil go dtí an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil le linn 2005 agus tá i gceist dhá cheann eile a chur in 2006, rud a chomhlánfaidh an obair a bhí beartaithe sna phlean bunaidh. Leathnaíodh an plean chun tionscadail a chlúdach a rachaidh níos faide ar aghaidh ná 2006.


Saoráil Faisnéise

Tháinig an Ghníomhaireacht faoi scoíp an Achta um Shaoráil Faisnéise 22 Samhain 2002. Tá sonraí rochtana ar thaifid na Gníomhaireachta agus ar fhaisnéis ina taobh le fáil ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta, www.hfa.ie. Is é an Dr Ian d’Alton an tOifigeach um Shaoráil Faisnéise agus is é an tUasal James Hehir an t-athbhreithnitheoir inmheánach. Ní bhfuar-

thas aon iarratais in 2005.

Admhálacha

Tá caidreamh leathan domhain againn le mórán slánaonad, idir shlánaonaid airgeadais agus eile, agus is mian liom mo bhuíochas a ghabháil leo uile as a gcuid saothair agus as a gcuid comhoibrithe linn ar feadh thréimhse an Bhoird atá ag imeacht as oifig. Is mian linn go háirithe ár mbuíochas a ghabháil leis na hAirí Comhshhaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus Airgeadais, a thug tacaíocht, mar aon lena bhfoireann dúthrachtach, don Ghníomhaireacht le linn na gcúig bliana seo caite. Gabhaimid ár mbuíochas freisin leis an GBCN (*NTMA*) agus lenár n-aturnaetha, lenár n-iniúcháirí, agus lenár soláthróirí seirbhíse as a gcúnamh ar feadh na thréimhse sin. Dár gcustaiméirí –na húdaráis áitiúla, idir bheag agus mhór, agus na comhlachtaí tithíochta deonacha agus comharaíochta – táimid buíoch as a ngnó a fháil, agus déanfaimid ár ndícheall chun an tseirbhís is dual dóibh a fháil, a thabhairt dóibh i gcónaí. Thar cheann an Bhoird, gabhaim buíochas le Jim Hehir agus le foireann na Gníomhaireachta as an obair a rinne siad don Bhord seo le linn a théarma. Mar fhocal scoir, ba mhaith liom a rá go raibh mo sheal mar Chathaoirleach i bhfad Éireann níos fusa dom de bharr dhiograis agus dhea-mhéin mo chomhleacaithe ar an mBord. Ba phléisiúr mór dom é saothrú ina dteannta.



Edward Coffey
Cathaoirleach
27 Aibreán 2006



TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ

Is mian leis na stiúrthóirí a dtuarascáil bhliantúil a chur i láthair mar aon leis na ráitis airgeadais iniúchta don bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2005.

1| Cúlra

Is cuideachta atá teoranta ag scaireanna Ghníomhaireacht Airgeadais Tithíochta cpt agus atá curtha ar aghaidh ag an Aire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil faoi théarmaí an Achta um an nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe, 1981, agus corpraíodh í ar 8 Feabhra 1982. Is iad príomhchuspóirí na cuideachta ná:

- (a)cistí a a chur ar airleacan d'údaráis áitiúla lena n-úsáid chun cuspóir ar bith atá údaraithe faoi na hAchtanna do Thithe; agus
- (b)cistí a fháil ar iasacht nó a chruinniú chun na gcríoch seo.

Is leis an Aire Airgeadais go tairbhiúil scairchaipiteal eisithe go léir na

Gníomhaireachta. Ceapann an tAire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil na stiúrthóirí, le toiliú an Aire Airgeadais.

2 Torthaí agus Díbhinní	€'000
Cailteanas aitheanta iomlán don bhliain	(1,016)

Barrachas ag tús na bliana	34,878
----------------------------	--------

Barrachas ag deireadh na bliana	33,862
--	---------------

Tá na torthaí sásúil, agus léiríonn siad tiomantacht na Gníomhaireachta chun iasachtaí a thabhairt do na húdaráis áitiúla ar na corrlaigh is géire is féidir.

Ní mholann na Stiúrthóirí go n-íocfaí díbhinn.

I míreanna 8 agus 9 den tuarascáil seo agus i nóta 16 leis na cuntais seo, déantar athbhreithniú ar phriacail agus ar neamhchosaintí suntasacha airgeadais na Gníomhaireachta maidir lena sócmhainní, a dlíteanais agus a hionstraimí airgeadais.

Déantar mionchuntas ar na cuspóirí agus ar na na polasaithe um bainistíocht priacal a úsáideann an Ghníomhaireacht maidir leis na priacail sin a bhainistiú. I nótaí 16, 17 agus 18 leis na cuntais seo tugtar sonraí i dtaobh aon ionstraimí airgeadais a úsáidtear chun na priacail seo a mhaolú. Ar leathanaigh 4 go 6, pléann tuarascáil an Chathaoirligh na priacail shuntasacha gnó mar a bhfuil neamhchosaint ag an nGníomhaireacht.

3 | Athbhreithniú ar fhorbairt cúrsaí an ghnó

(a) Iasachtaí d'údaráis áitiúla (ceadaithe roimh 27 Bealtaine 1986)
Bunaíodh an Ghníomhaireacht chun iasachtaí treoirnasctha a eisiúint d'údaráis áitiúla lena dtabhairt ar iasacht acu ar bhonn gníomhaireachta do dhaoine aonair. San iomlán, tugadh €403 milliún d'údaráis áitiúla faoin scéim seo agus úsáideadh é chun 15,571 morgáiste a mhaoiniú. Ar 31 Nollaig 2005 ba ionann na hiasachtaí seo agus iarmhéideanna amuigh de €33.2 milliún.

Tá dlíteanas ar an nGníomhaireacht i leith aon chaillteanais chreidmheasa as siochair na morgáistí seo.

(b) Iasachtaí d’údaráis áitiúla (ceadaithe tar éis 27 Bealtaine 1986)
Le héifeacht ó Bhealtaine 1986, d’eisigh an Ghníomhaireacht iasachtaí d’údaráis áitiúla d’fhonn iasachtaí agus deontais feabhsúcháin a mhaoiniú a bhí ioncam-ghaolmhar, inchomhshóite agus ar bhonn blianachta. Faoin Acht Tithíochta (Forálacha Ilghnéitheacha), 1992, cuireadh le cumhachtaí na Gníomhaireachta údaráis áitiúla a mhaoiniú maidir le haon chuid dá bhfeidhmeanna faoi na hAchtanna Tithíochta. Dá thoradh sin tá iasachtaí tugtha ag an nGníomhaireacht d’údaráis áitiúla chun scéimeanna tithíochta i gcomhúinéireacht agus scéimeanna tithíochta deonacha a mhaoiniú.

Coinnítear cuid shuntasach de na cistí seo chun críocha ar nós talamh a cheannach. Tugtar an t-iarmhéid ar iasacht d’iasachtaithe aonair agus do chomhlachtaí deonacha. Tá freagracht ar na húdaráis áitiúla i leith aon chaillteanais a tharlaíonn dá bharr sin.

Ar 31 Nollaig 2005 ba ionann na hiasachtaí seo agus iarmhéideanna amuigh de €2.9 billiún.

4 | Rialachas Corparáideach

Tá na Stiúrthóirí tiomanta do na chaighdeáin is airde rialachais chorparáidigh a chothú.

Tacaíonn siad leis na Prionsabail um Dhea-Rialachas agus le Cód an Chleachtais is Fearr (“Cód Comhcheangailte 2003”) a dhíorthaigh an Coiste um Rialachas Corparáideach ó Thuarascáil Deiridh an Choiste agus ó Thuarascáil Turnbull. Comhlíonann an chuideachta an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit faoi mar a d’fhoilsigh an Roinn Airgeadais é.

Prionsabail an Dea-Rialachais Chorparáidigh
Tá na stiúrthóirí freagrach do scairshealbhóir na Gníomhaireachta as an dea-rialachas corparáideach. Sa ráiteas seo leanas cuirtear síos ar an gcaoi a gcuirtear i bhfeidhm sa Ghníomhaireacht Prionsabail an Dea-Rialachais Chorparáidigh faoi mar atá siad leagtha amach i gCód Comhcheangailte 2003 agus sa Chód Cleachtais um Rialachas do Chomhlachtaí Stáit.

An Bord Stiúrthóirí
Tá ról an Chathaoirleigh agus ról an Phríomhfheidhmeannaigh scartha ó chéile. Ar 23 Márta 2006, tá aonar déag Stiúrthóir neamh-fheidhmiúchain agus aon Stiúrthóir feidhmiúcháin ar an mBord. Ceapann an tAire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil na Stiúrthóirí le haghaidh tréimhse nach mó ná cúig bliana. Tá na stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin go léir neamhspleách ar an mbainistíocht.

Tagann an Bord le chéile go rialta, agus tá sé freagrach as ceartbhainistíocht na Gníomhaireachta. Déanann sé na mórchinntí straitéiseacha, agus coinníonn sé aige féin an

rialú lánéifeachtach ach san am céanna tugann sé don bhainistíocht fheidhmiúcháin dóthain solúbthachta chun an gnó a reachtáil go héifeachtúil éifeachtach laistigh de fhrámaíocht tuairiscithe lárnaithe.

Coinníonn an Bord míreanna áirithe aige féin le haghaidh measúnaithe aige féin, ar a

bhfuil ceadú na ráiteas airgeadais bliantúil, conarthaí suntasacha, mórinfheistíochtaí agus caiteachas suntasach caipitil. Tugann gach Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin breithiúnas neamhspleách ar na gnóthaí lena ndéileálann an Bord. Orthu seo tá na cinn a bhaineann le straitéis, le feidhmíocht, le hacmhainní agus le caighdeáin iompraíochta.

Is féidir le gach ball den Bhord rochtain ar chomhairle agus ar sheirbhísí Rúnaí na Cuideachta. Tá an Rúnaí freagrach as a chinntiú go gcomhlíontar gnáthaimh an Bhoird agus na rialacha agus na rialacháin ábhartha. Tá comhairleoirí gairmiúla na Gníomhaireachta ar fáil le haghaidh comhairliúchán leis na Stiúrthóirí de réir mar is gá. Is féidir le Stiúrthóirí aonair comhairle ghairmiúil neamhspleách a lorg, más gá, ar chostas na Gníomhaireachta.

Dhearbhaigh na hiniúcháirí a neamhspleáchas leanúnach mar iniúcháirí don Ghníomhaireacht don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2005. Tá próiseas i bhfeidhm trína ndéanann an Bord athbhreithniú, laistigh de pharaiméadair chomhaontaithe, ar aon seirbhísí neamhiniúcháireacha a thugann na hiniúcháirí, agus ar na táillí a ghabhann leo.

Ar an gcaoi seo deimhnítear oibiúlacht agus neamhspleáchas na n-iniúcháirí.

Tá struchtúr éifeachtach de choistí curtha ar bun ag an mBord chun cabhrú leis a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh. Ar na coistí sin tá:

An Coiste Airgeadais
Baill: Edward Coffey, James Hehir, Maria Graham, Thomas Reilly agus Áine Stapleton.

Tá cumhacht ag an gcoiste, thar cheann na Gníomhaireachta, airgead a thógáil ar iasacht agus a fháil agus chun aon áiseanna ceadaithe a chur i ngníomh, a úsáid agus a fheidhmiú. Feidhmíonn an coiste faoi théarmaí tagartha foirmiúla atá ceadaithe ag na Stiúrthóirí.

An Coiste Luach Saothair
Baill: Edward Coffey, an tAth. Patrick Cogan, Maria Graham agus Maureen Lynott.

Déanann an coiste seo moltaí i leith luach saothair an Stiúrthóra Bainistíochta lena meas ag an mBord, faoi réir cheadú an Aire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil. Feidhmíonn sé faoi réir téarmaí tagartha foirmiúla. Tá sonraí tháillí agus luach saothair na Stiúrthóirí le fáil i nóta 7 leis na ráitis airgeadais faoi réir fhorálacha Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2005.

An Coiste Iniúcháireacht
Baill: Lorcan Allen, an tAth. Patrick Cogan, Michael Hayes, Maureen Lynott, Jackie Maguire, Mary Malcolm agus Teresa White.

Tháinig an coiste seo le chéile faoi cheathair i mbliana. Tá téarmaí tagartha foirmiúla aige. Faoin gCód Cleachtais um Rialachas do Chomhlachtaí Stáit, is féidir leis an gcoiste aon ábhar a bhaineann le cúrsaí airgeadais na Gníomhaireachta a athbhreithniú. Déanann sé athbhreithniú ar na ráitis airgeadais bliantúla, ar na tuarascálacha iniúcháireachta inmheánacha, ar an gcaoi a gcomhlíontar caighdeáin chuntasóireachta agus ar cheapadh agus ar tháillí na n-iniúcháirí seachtracha. Tá ról aige freisin maidir le rátaí úis a shocrú agus le ceadú plean na hiniúcháireachta inmheánai, faoina ndéantar feidhmíocht an phlean a thomhas. Bíonn cruinniú ag na hiniúcháirí seachtracha leis an gcoiste chun athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí na hiniúcháireachta bliantúla ar ráitis airgeadais na Gníomhaireachta.

Luach Saothair na Stiúrthóirí
Cinneann an tAire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil leibhéal luach saothair na Stiúrthóirí. Níl baint ag luach saothair na Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin, le feidhmíocht.

Caidreamh le scairshealbhóirí
Cothaíonn na Stiúrthóirí agus an Bhainistíocht dialóg leanúnach le scairshealbhóir na Gníomhaireachta maidir le ceisteanna straitéiseacha. Teastaíonn ceadú an Aire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil agus/nó an Aire Airgeadais maidir le gnóthaí sainithe áirithe. Bíonn cumarsáid leanúnach leis na hAirí, trína Ranna, maidir leis na cúrsaí seo.

Rialú inmheánach
Faoi réir Chód Comhcheangailte 2003 (Treoir Turnbull), deimhníonn an Bord go bhfuil próiseas leanúnach ann chun priacail shuntasacha i ngnóthaí na Gníomhaieachta a shainaithint, a mheasúnú agus a ionramháil. Tá an próiseas seo i bhfeidhm le linn na bliana atá á hathbhreithniú. Go dtí dáta ceadaithe na tuarascála bliantúla agus na gcuntas, déanann an Bord an próiseas a athbhreithniú go rialta, agus tá an próiseas de réir na treorach.

Rinne an Bord athbhreithniú ar éifeacht an chórais um rialú inmheánach, agus go áirithe, d’athbhreithnigh agus d’uasdátaigh an Bord an próiseas chun na priacail shuntasacha a bhaineann leis an ngnó a aithint agus a mheasúnú, mar aon leis na polasaithe agus na gnáthaimh trína ndéantar na priacail seo a ionramháil. Neartaíodh an méid seo trí ghlacadh le Cód Eitice a cheadaigh an Bord. Tugann an Cód seo treoir phraiticiúil don fhoireann go léir. Lena chois, tá polasaithe tacaíochta ag an nGníomhaireacht agus gnáthaimh do na fostaithe chun gníomhaíochtaí a mbeadh amhras calaoise fúthu a thuairisciú agus a réiteach.

Is gnóthas airgeadais an Ghníomhaireacht. Mar sin, na bunphriacail a bhaineann leis an ngnó, baineann siad go bunúsach le cúrsaí airgeadais agus cisteáin. D’fhorbair an Ghníomhaireacht próiseas ionramhála priacail ar a bhfuil athbhreithnithe ráithiúla ar a bpunann d’iasachtaí agus d’airleacain, agus bíonn athbhreithniú bliantúil ann ar phriacail a

bhaineann le cisteán, chun na priacail seo a ionramháil. Ceapadh an próiseas seo chun a chinntiú, oiread agus is féidir, go mbíonn sócmhainní agus dliteanais na Gníomhaireachta ar comhoiriúint ó thaobh maoinithe de, i dtaca le cineálacha agus le tréimhsí iasachta. Baineann priacal iarmharach go príomha le hiasachtaí ar rátaí seasta agus treoimasctha, agus le gluaiseachtaí boiscithe. Déileáiltear leis an bpriacal seo trí pholasaí um chúlchistí agus chorrlaigh.

Déanann an Ghníomhaireacht athbhreithniú cuimsitheach bliantúil ar phriacail. Déanann an Bord an t-athbhreithniú a fhorheas. Is cuid dhílis é ansin de pholasaí na Gníomhaireachta um rátaí úis agus chúlchistí do na blianta ina dhiaidh sin. Cuirtear an Bord ar an eolas gach ráithe maidir le dálaí nua, agus déantar ceartúcháin dá bhar, más gá.

Tugann an Ghníomhairreacht iasachtaí d'Údaráis áitiúla. Meastar nach fiú le háireamh an priacal aisíochta ós rud é gur le húdaráis áitiúla atá an gaol dlíthiúil, agus ní bhraitheann an priacal ar athruithe ar phraghsanna tithe nó ar athruithe eacnamaíocha eile.

Tuairiscíonn an Stiúrthóir Bainistíochta freisin don Bhord thar cheann na Bainistíochta maidir le hathruithe suntasacha sa timpeallacht ghnó agus sheachtrach a bhaineann le priacail. Tugtar faisnéis don Bhord go ráithiúil. Nuair a shainaitnítear réimsí infheabhsaithe sa chóras, measann an Bord na moltaí ón mBainistíocht agus ón gCoiste Iniúcháireachta.

Tá freagracht ar na Stiúrthóirí córas rialaithe

inmheánaigh a chothú a thugann deimhniú réasúnta i dtaobh oibriúcháin éifeachtacha éifeachtúla, i dtaobh rialú inmheánach airgeadais, agus go bhfuiltear ag comhlíonadh dlíthe agus rialacháin. Sa chomhthéacs seo, tugann na Stiúrthóirí aird ar na nithe is cuí, dar leo, maidir le gnó na Gníomhaireachta, le hábharthacht an phriacail airgeadais a bhaineann ó nádúr leis an ngnó, agus leis na costais agus na sochair choibhneasta i dtaca le sainriailithe a chur i bhfeidhm.

I ngnó na Gníomhaireachta tá réimse priacal a chaithfear a ionramháil. Is de nádúr na bpriacal seo é seo gur féidir dálaí a thitim amach as a dtagann caillteanais gan choinne. Cumadh córas rialaithe inmheánaigh na Gníomhaireachta chun deimhniú réasúnta, seachas absalóideach, a sholáthar in aghaidh priacail ó earráidí ábhartha , ó chalaóis nó ó chaillteanais. Is féidir go dtiocfaí timpeall ar rialuithe inmheánacha, nó iad a sháru. Lena chois sin, de bharr athruithe toiscaí, is féidir go n-athróidh éifeacht córas rialaithe inmheánach ó am go chéile.

Tá struchtúr eagrúcháin bunaithe ag na Stiúrthóirí ina bhfuil sainfhreagracht i leith smacht inmheánach ar gach comhchuid de ghnó na Gníomhaireachta. Uair sa bhliain, déanann an príomhfheidhmeannach é seo a admháil go foirmiúil, i dteannta leis an bhfreagracht ghaolmhar as athbhreithniú a dhéanamh go tréimhsiúil ar éifeacht an smachta inmheánaigh sin.

Is iad eilimintí barrthábhachtacha an chórais

smachta inmheánaigh ná iad seo a leanas:

(a) struchtúr eagraíochta sainléirithe ina bhfuil idirdhealú cuí idir dhualgais agus teorainneacha údaráis;

(b) smachtanna inmheánacha airgeadais atá leagtha síos sa Lámhleabhar um Polasaithe agus Ghnáthaimh atá formheasta ag an mBord;

(c) teorainneacha agus gnáthaimh atá sainithe go soiléir le haghaidh caiteachas airgeadais, agus soláthar agus caiteachas caipitil san áireamh;

(d) buiséid bhliantúla agus pleananna fadtéarma don Ghníomhaireacht ina sainítear idir phriacail agus dheiseanna atá barrthábhachtach;

(e) cuntais bhainistíochta mhíosúla a ullmhaítear agus a chuirtear faoi bhráid an Bhoird;

(f) iniúcháir inmheánach a dhéanann athbhreithniú ar chórais agus ar smachtanna barrthábhachtacha;

(g) coiste iniúcháireachta a dhéileálann le ceisteanna suntasacha a ardaítear san iniúcháireacht inmheánach nó san iniúcháireacht sheachtrach.

Tá athbhreithniú déanta ag na Stiúrthóirí ar éifeachtúlacht an chórais smachta inmheánaigh don bhliain airgeadais agus ar aghaidh go dtí dáta formheasta na ráiteas, agus tá

measúnú déanta acu ar na príomhphriacail ghnó agus ar an timpeallacht smachta.

In áit an Chóid Chomhcheangailte a d'eisigh Coiste Hempel in 1998, táthar tar éis Comhad Comhcheangailte 2003 um Rialachas Comhlachtaí Stáit a d'eisigh an Chomhairle Tuairiscthe Airgeadais in 2003 a chur anois. Tá roinnt prionsabal agus forálacha nua ann. Tá an Ghníomhaireacht tar éis a roghnú go deonach na forálacha seo a chomhlíonadh mar chuid dá pholasaí chun an cleachtas is fearr a chleachtadh oiread agus is féidir i gcursaí rialachais chorparáidigh.

Tá áthas ar na Stiúrthóirí a rá gur chomhlíon an Ghníomhaireacht Cód Comhcheangailte 2003 agus an Cód Cleachtais um Rialachas do Chomhlachtaí Stáit le linn na bliana dar chríoch 31 Nollaig 2005, cés moite de na hábhair seo a leanas, mar nach bhfuil ar chumas na Gníomhaireachta, mar chomhlacht stáit, na héilimh atá sa Chód Comhcheangailte agus sa Chód Cleachtais um Rialachas do Chomhlachtaí Stáit a chomhlíonadh go hiomlán.

Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin neamhspleách sinsearach
Measadh ar cóir ball sinsearach aitheanta den Bhord, seachas an Cathaoirleach, a shainainmniú a bhféadfaí ábhair chúraim a chur faoina b(h)ráid. Mar gheall ar chaoi cheaptha na Stiúrthóirí, struchtúr na scairsheilbhe, agus ghnáthaimh reatha an Bhoird, cinneadh nach n-oireann a leithéid do na toiscaí.

Coiste Ainmniúcháin agus gnáthaimh toghchánaíochta agus atoghcánaíochta
Ceapann an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil na Stiúrthóirí chun oifige ar feadh cibé tréimhse a shainíonn an tAire, nach faide í ná cúig bliana, nuair a dhéanann sé an ceapachán.

Luach saothair Stiúrthóirí
Cinneann an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil leibhéal luach saothair na Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin. Socraítear luach saothair an Stiúrthóra Bainistíochta faoi réir na dtreoirilnte reatha um pá sa tSeirbhís Phoiblí. Níl aon bhaint idir luach saothair Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin agus feidhmíocht. I gcás na Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin nochaítear an luach saothair i dtoll a chéile mar tháillí i nóta 7 leis na ráitis airgeadais.

Iniúcháireacht inmheánach
Mar gheall ar mhéid agus ar nádúr na Gníomhaireachta, níl feidhm na hiniúcháireachta inmheánaí saor ó fhreagracht oibriúcháin. Ach tá na Stiúrthóirí sásta go bhfuil a dhóthain saoirse ag feidhm na hiniúcháireachta inmheánaí chun a cuid dualgas a chomhlíonadh go hoibiachtúil agus ar bhealach atá neamhspleách a dhóthain.

Tinreamh Boird agus measúnú bliantúil feidhmíochta
Faoi láthair, tá an Bord ag déanamh athbhreithniú ar fhorálacha nua Chód Comhcheangailte 2003 maidir le taifid tinrimh a chuid ball ag cruinnithe Boird a thuairisciú agus measúnú bliantúil a dhéanamh ar

fheidhmíocht an Bhoird agus a chuid ball. Beidh na Stiúrthóirí in ann tuairisc a thabhairt ar chomhlíonadh na bhforálacha seo acu ina dTuarascáil bhliantúil don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2006.

5 | Gnóthas Leantach

Tar éis fiosruithe a dhéanamh, tá súil réasúnta ag na Stiúrthóirí go bhfuil dóthain acmhainní ag an nGníomhaireacht chun leanúint uirthi feidhmiú go ceann tréimhse gan fóirceann. Mar sin, leanann siad orthu glacadh le bonn an ghnóthais leantaigh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu.

6 | Stiúrthóirí

Níl aon leas ag na Stiúrthóirí nó ag an Rúnaí i scaireanna nó i mbintíúir na Gníomhaireachta.

7 | Conarthaí

Ní raibh aon chonradh nó socrú leis an nGníomhaireacht i rith na bliana a raibh leas ábhartha ag aon Stiúrthóir de chuid na Gníomhaireachta ann agus a bhí suntasach maidir le gnó na Gníomhaireachta.

8 | Úsáid ionstraimí airgeadais, agus díorthaithigh san áireamh

Is iad na príomhphriacail a eascraíonn as oibriúcháin airgeadais na Gníomhaireachta ná priacal a bhaineann le boilsciú, priacal ráta úis, priacal leachtachta, priacal airgeadra agus priacal creidmheasa. Tá polasaithe agus gnáthaimh i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht chun úsáid ionstraimí cisteáin díorthaitheacha a chlúdach. Is tacaíocht iad seo chun Sonraíocht agus Ríachtanais an Aire Airgeadais, a eisíodh faoi

thearmaí an Financial Transactions of Certain Companies and Other Bodies Act, 1992, a chomhlíonadh. Cuireann siad san áireamh an cleachtas is fearr um úsáid ionstraimí cisteáin dhíorthaitheacha. Is é príomhchuspóir ionstraimí airgeadais díorthaitheacha a úsáid ná teacht ar chomhchéim leis an bpríacal— nó é a chealú—a tharlódh de dheasca gluaiseachtaí féideartha i rátaí malairte eachtra i sócmhainní agus i ndlíteanais na Gníomhaireachta.

Sna ‘Sonraíocht agus Riachtanais’ (*Specification and Requirements*) reatha (atá bailí go dtí 31 Nollaig 2005), atá de réir polasaí atá formheasta ag an mBord, lamháiltear conarthaí a chlúdaíonn iomlaoidí rátaí úis (€400 milliún), réamh-mhalairtí eachtracha ar aghaidh (€2.5 billiún), comhaontuithe rátaí ar aghaidh (€80 milliún), caidhpeanna ar rátaí úis (€300 milliún). Sna ‘Sonraíocht agus Riachtanais’ tá sonraí na gcineálacha frithpháirtithe agus freagrachtaí Boird maidir le bainistíocht dhíorthaitheach. Ní féidir idirbhearta a dhéanamh ach le ceadú Stiúrthóir Bainistíochta na Gníomhaireachta nó ceadú an Cheannasaí Airgeadais (i gcás na n-idirbheart sin ina bhfuil Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta ina gníomhaire/frithpháirtí, agus bíonn siad le nótail ag an Stiúrthóir Bainistíochta nó ag an gCeannasaí Airgeadais). Le linn a saoil bíonn na hidirbhearta seo faoi réir seiceálacha iniúchóireachta tréimhsiúla rialta. Faoina chlár páipéir eurothráchtála (PET) (*ECP*) eisíonn an Ghníomhaireacht PET in airgeadraí seachas an euro. Chun fálú in aghaidh an phriacail

airgeadra seo, déanann an Ghníomhaireacht réamhdhéileálacha in airgeadraí eachtracha.

Ag deireadh na bliana, bhí reamhdhéileálacha amuigh in airgeadraí eachtracha de luach barúlach de €0.97 billiún, agus d’fhálaigh siad go hiomlán priacail mhalairte eachtraí na Gníomhaireachta. Ba réamhbhearta malairtí eachtracha iad seo go léir a bhí déanta ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta i gcomhar le clár páipéi eurothráchtála na Gníomhaireachta de €2.5 billiún.

Tarlaíonn príacal a eascraíonn de bharr boilsciú nuair nach mbíonn iasachtaí treoirnasctha agus airleachain ar chomhoiriúint lena chéile, rud a bhaineann ó nádúr leis na conarthaí a rialaíonn gach taobh de leabhar na Gníomhaireachta. Nuair nach mbíonn ionstraimí fálaithse sofhála ann, bainistíonn an Ghníomhaireacht an príacal seo trí pholasaí cúlchistí, a cheadaíonn an Bord. Is é polasaí na Gníomhaireachta a chinntiú go mbíonn go leor caipitil curtha ar leataobh chun na priacail atá ar eolas a shásamh le linn na tréimhse lena mbaineann na neamhchosaintí sin.

Bainistíonn an Ghníomhaireacht neamhchosaint ráta úis trí neamhréireacha idir iasachtaí agus airleacain a íoslaghdú laistigh dá cláir aonair - idir chlár treoirnasctha, chlár ráta seasta agus chlár ráta athraitheigh. Cuirtear na héiginntí seo a leanas san áireamh agus an polasaí á chinneadh: (a) nuair is féidir le hiasachtaithse fuascailt a dhéanamh gan phionós; (b) nuair nach mbíonn glacadh i gcónaí ag margair

speisialaithe (e.g. treoirnasctha) le heisiúintí agus fuascailtí; agus (c) nuair a bhíonn an Ghníomhaireacht faoi réir athruithe i bpolasaí rialtais. Go ginearálta, cuireann an Ghníomhaireacht roimpi an priacal óna neamhchosaint ar ráta úis a bhainistiú trí cúlchistí a chur ar leataobh chun an Ghníomhaireacht a chosaint ó phriacail iarmharacha shonraithe tar éis comréire, agus súil á coinneáil aici ar fhéidearthachtaí agus ar bhoinn tuisceana éagsúla. Déanann an Bord an staid a mheasúnú go rialta agus cinneann sé leibhéal na gcúlchistí is gá go bliantúil.

Maidir le neamhréireacha boilscithe agus luaineachtaí corrlaigh, cinneann an Bord méid an chúlchiste don bhliain reatha, a bhíonn bunaithe ar threochtaí stairiúla. Maidir le réimsí eile (e.g. an costas féideartha mar gheall ar neamhréir idir sócmhainní ar ráta seasta fadtéarma (airleacain d’údaráis áitiúla) agus dlíteanais (bannaí)), cuireann an Bord cúlchistí ar leataobh atá bunaithe ar ghlanluach reatha na gcaillteanas féideartha ar rátaí lascaine reatha an mhargaidh.

Maidir le priacail leachtachta, is é polasai an Bhoird a chinntiú, trí athbhreithnithe tréimhsiúla ar riachtanais sreabhaidh airgid, go mbeidh sí in ann a hoibleagáidí maoinithe a shásamh ar feadh tréimhse chuí ar aghaidh, suas le sé mhí de ghnáth. Tá polasaí i bhfeidhm ag an mBord measúnú a dhéanamh go rialta ar fhiachas atá ag aibiú agus ar a athmhaoiniú agus/nó a aisíoc.

Den chuid is mó, is é priacal creidmheasa na

Gníomhaireachta a neamhchosaint ar institiúidí (Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta agus na bainc rátáilte, go príomha), lena mbíonn infheistíochtaí gearrthéarma aici. Cheadaíonn an Bord go tréimhsiúil polasaí um neamhchosaint infheistíochta agus frithpháirtí. Ní tharlaíonn infheistíochtaí faoi láthair ach i gcomhthéacs bainistíocht leachtachta ó lá go lá. Tá neamhchosaint freisin ag an nGníomhaireacht ar phriacal creidmheasa maidir le hiasachtaí a thugann sí d’údaráis áitiúla, ach meastar é seo mar phriacal íseal.

9 | Beartas maoinithe

Maoiníonn an Ghníomhaireacht a cuid oibriúcháin trí chumasc d’eisiúintí banna, páipéar tráchtála (neamhcheangailte, agus le háiseanna tacaíochta ceangailte), rótharraingtí bainc, agus brabúis choinnithe. Ba ionann eisiúintí bannaí agus áiseanna ceangailte i dteannta a chéile agus 27% de na háiseanna iasachta atá ar fáil ag an nGníomhaireacht ar 31 Nollaig 2005. Maidir le háiseanna ceangailte na Gníomhaireachta, eisiúintí bannaí agus an clár páipéir eurothráchtála de €2.5 billiún (a síníodh ar 22 Deireadh Fómhair 2002, le heisiúintí in airgeadraí éagsúla, a dhéanann Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta anois ó 26 Feabhra 2003), úsáidtear iad chun a hiasachtaí d’údaráis áitiúla a mhaoiniú faoi thearmaí na nAchtanna Tithíochta. Áiseanna neamhcheangailte eile, úsáidtear mórán díobh chun críocha idirlinne agus leachtachta.

Éilíonn oibriúcháin maoinithe na

Gníomhaireachta go ndéanfaidh sí fiachas nua a chruinniú agus airleacain atá ag aibiú a athmhaoiniú. Bíonn áiseanna rótharraingthe na Gníomhaireachta (€51m ar fáil ar 31 Nollaig 2005) faoi réir athbhreithniú bliantúil ag bainc éirí na Gníomhaireachta. Bhí meánchostas fhiachas na Gníomhaireachta in 2005 de réir 2.9% blianaithse i gcomparáid le 3.6% sa bhliain airgeadais deiridh.

Ar 16 Samhain 2005, shocraigh an Ghníomhaireacht áis um ráta inathraithe cúig bliana le Banc Pfizer maidir le €250 milliún. Tarraingíodh an áis seo go hiomlán faoi dheireadh na bliana.

10 | Imeachtaí i ndiaidh an chláir chomhardaithe

Níor tharla aon imeachtaí suntasacha ó dheireadh na bliana a mbeadh mar thoradh orthu coigeartú ar na ráitis airgeadais nó nóta a chur leo.

11 | An tAcht Toghchánaíochta, 1997

Níor thug an Ghníomhaireacht aon tabhartais pholaitiúla i rith na bliana.

12 | Rialacháin (Mall-Íocaíocht in Idirbhearta Tráchtála) na gComhphobal Eorpach

Bíonn ar an nGníomhaireacht forálacha Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Mhall i leith Idirbhearta Tráchtála), 2002 a chomhlíonadh, agus mar an gcéanna i gcás an Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997 a bhí ann roimhe sin. Tugtar “Na Rialacháin” orthu seo i dteannta a chéile. Mura sainítear

a mhalairt i socruithe conartha, is iad téarmaí creidmheasa caigdeánach a nglacann an Ghníomhaireacht leo ná 30 lá ó fhaightear an sonrasc. Cuireadh gnáthaimh i bhfeidhm a thugann cinnteacht réasúnta nach ndéantar faillí ábhartha sna Rialacháin a chomhlíonadh.

Nuair a tháinig na Rialacháin i bhfeidhm, d’athbhreithnigh an bhainistíocht gnáthaimh íocaíochta reatha na Gníomhaireachta faoi mar atá siad sa Lámhleabhar um Polasaithe agus Ghnáthaimh, agus ba é a mbarúil gur leor iad chun deimhniú réasúnta, seachas absalóideach, a thabhairt in aghaidh neamhchomhlíonadh ábhartha na Rialachán. De thoradh athbhreithniú ar na híocaíochtaí go léir a rinneadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2005, níor nochtheadh go ndearnadh aon íocaíochtaí i rith 2005 faoin Acht thuasluaite.

13 | Sláinte agus sábháilteacht fostaithe

Déantar dea-bhaíl fhostaithe na Gníomhaireachta a chosaint trí na caighdeáin sláinte agus sábháilteachta a chomhlíonadh go dlíis. Faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 leagtar dualgais airithe ar fhostóirí. Tá na bearta is gá déanta ag an nGníomhaireacht chun a chinntiú go gcomhlíontar an tAcht. Uime sin, glacadh le ráiteas sábháilteachta, agus athbhreithníonn na Stiúrthóirí é gach bliain.

14 | Acht na gCuideachtaí (Iniúchóireacht agus Cuntasaíocht), 2003

Arna rith ina reachtaíocht, thug na Stiúrthóirí aird ar Acht na gCuideachtaí (Iniúchóireacht

agus Cuntasaíocht), 2003. Forálann an Acht go ndéanfaidh na stiúrthóirí dhá ráiteas i dTuarascáil na Stiúrthóirí. Is iad sin:

- Ráiteas polasaí a leagann amach conas a fhéachfaidh an Ghníomhaireacht lena dheimhniú go bhfuil sí ag feidhmiú i gcomhréir le dlíthe agus le rialacháin a bhaineann leis an gcuideachta. Is cóir an ráiteas seo a athbhreithniú gach trí bliana ar a laghad; agus
- Ráiteas bliantúil um chomhlíonadh na ndlíthe agus na rialachán ábhartha.

Tá an Bord ag déanamh measúnú ar thionchar na bhforálacha in Acht na gCuideachtaí (Iniúcháireacht agus Cuntasaíocht), 2003. Faoi láthair tá an Grúpa um Athbhreithniú Dí na gCuideachtaí ag féachaint ar na coinníollacha i leith cuideachtaí maidir le Ráitis Chomhlíonta Stiúrthóirí agus déanfaidh an Ghníomhaireacht na himpleachtaí a mheas nuair a eisítear na coinníollacha.

15 | Trasdul go Caighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (CITA) (IFRS)

Faoi réir na reachtaíochta reatha, tá ar an nGníomhaireacht glacadh le CITA le haghaidh na bliana airgeadais dar tús 1 Eanáir 2007, ar aon dul le forálacha an Aontais Eorpaigh. In 2006 tosódh an Ghníomhaireacht ar an tionchar a mheas a

bheidh ag CITA ar a feidhmíocht airgeadais agus ar a staid airgeadais. Tosófar freisin ar cibé athruithe córais is gá a d'fhéadfadh a bheith i gceist.


16 | Taifid Chuntasaíochta

Creideann na Stiúrthóirí gur chomhlíon siad forálacha mhír 202 d'Acht na gCuideachtaí, 1990 maidir leis na leabhair chuntais, trí phearsanra cuntasaíochta a fhostú a bhfuil sainoilteacht chuí acu, agus trí acmhainní a dhóthain a sholáthar d'fheidhm an airgeadais. Coimeádtar leabhair chuntais na cuideachta ag a hoifig chláraithe.


17 | Iniúcháirí

Faoi réir Alt 160(2) d'Acht na gCuideachtaí, 1963, leanfaidh na hiniúcháirí , KPMG, Cuntasóirí Cairte, in oifig.

Thar cheann an Bhoird



Edward Coffey
Cathaoirleach
23 Márta 2006



James Hehir
Stiúrthóir Bainistíochta
23 Márta 2006





RÁITEAS I LEITH FREAGRACHTAÍ NA STIÚRTHÓIRÍ

Tá an fhreagracht ar na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais a ullmhú, faoi réir na ndlithe agus na rialachán ábhartha.

Faoi dhlí na gcuideachtaí in Éirinn tá ar na Stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhair gach bliain airgeadais. Faoin dlí sin roghnaigh na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an Chleachtais Chuntasaíochta Inghlactha Choitianta in Éirinn, ina gcuimsítear an dlí ábhartha agus na caighdeáin chuntasaíochta atá arna eisiúint ag Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta agus arna bhfógairt ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn.

Faoi réir an dlí, ní foláir do ráitis airgeadais na Gníomhaireachta léiriú fíor cóthrom ar chúrsaí na cuideachta a thabhairt agus ar an mbrabús nó ar an gcaillteanas sa tréimhse sin.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu, bíonn ar na Stiúrthóirí:

- polasaithe cuntasóireachta cuí a roghnú agus ansin iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach,
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus críonna,
- ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin go bhfuil sé mí-oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an chuideachta uirthi i mbun gnó.

Tá an fhreagracht ar na stiúrthóirí leabhair chuntais chuí a choimeád a léiríonn le cruinneas réasúnta am ar bith staid airgeadais na Gníomhaireachta agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais de réir Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2005. Tá an fhreagracht orthu chomh maith gach beart a dhéanamh is féidir leo a dhéanamh go réasúnta chun sócmhainní na cuideachta a chaomhnú agus chun gach calaois agus

mírialtacht eile a chosc agus a thabhairt faoi deara.

Ta na Stiúrthóirí freagrach freisin as Tuarascáil Stiúrthóirí a ullmhú atá de réir fhorálacha Achtanna na gCuideachtaí.

Thar cheann an Bhoird,

Edward Coffey
Cathaoirleach
23 Márta 2006

James Hehir
Stiúrthóir Bainistíochta
23 Márta 2006



TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA

Tá iniúcháireacht déanta againn ar ráitis airgeadais na Gníomhaireachta Airgeadais Tithíochta cpt don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2005, ina gcuimsítear an cuntas ioncaim agus caiteachais, an clár comhardaithe, ráiteas i leith na ngnóthachan agus na gcaillteanas aitheanta iomlán, ráiteas um shreabhadh airgid agus nótaí gaolmhara.

Tá an tuarascáil seo á déanamh do bhaill na Gníomhaireachta amháin, faoi réir alt 193 d’Acht na gCuideachtaí, 1990. Rinneadh ár n-obair iniúcháireachta ionas go mbeimis in ann a rá le baill na Gníomhaireachta na nithe sin is gá dúinn a rá leo i dtuarascáil iniúchára agus ní chun aon chríche eile ar bith. Den mhéid is mó a cheadaítear faoin dlí, ní ghlacaimid nó ní ghabhaimid orainn féin freagracht d’aon duine seachas an Ghníomhaireacht agus baill na Gníomhaireachta, mar chomhlacht, as ár n-obair iniúcháireachta, as an tuarascáil seo nó as na na tuairimí atá fabhráithe againn.

Neamhspleácha do bhaill na Gníomhaireachta Airgeadais Tithíochta cpt

Freagrachtaí na Stiúrthóirí agus na nIniúcháirí faoi seach i leith na tuarascála bliantúla

Sa Ráiteas i leith Freagrachtaí na Stiúrthóirí ar leathanach 16, leagtar amach freagrachtaí na stiúrthóirí as Tuarascáil na Stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an dlí ábhartha agus na gcaighdeán cuntasaoíochta a d’eisigh Bord na gCaighdeán Cuntasaoíochta agus a d’fhógair Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (Cleachtas Cuntasaoíochta Inghlactha Choitianta in Éirinn).

Is í ár bhfreagracht na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir na riachtanas dlíthiúil agus rialaitheach ábhartha agus na gCaighdeán Iniúcháireachta Idirnáisiúnta (an Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscimid daoibh ár dtuairim, an dtugann na ráitis airgeadais léiriú fíor cothrom agus an bhfuil siad ullmhaithe go cuí faoi réir Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2005. Tuairiscimid daoibh freisin, de réir ár dtuairime:

ar choimeád an Ghníomhaireacht leabhair chuntais chuí; an raibh ar dháta an chláir chomharduithe staid a d’éileodh cruinniú ginearálta urghnách den chuideachta a ghairm; agus an bhfuil an fhianaise atá i dTuarascáil na Stiúrthóirí i gcomhréir leis na ráitis airgeadais. Lena chois, deirimid an bhfuaireamar an t-eolas agus na míniúcháin go léir a theastaigh uainn le haghaidh ár n-iniúcháireachta, agus an aontaíonn na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.

Tuairiscimid daoibh freisin murar nochtaíodh, in ár dtuairim, eolas a shainítear faoin dlí maidir le luach saothair Stiúrthóirí agus idirbhearta Stiúrthóirí leis an gcuideachta, agus nuair is indéanta, tugaimid an fhaisnéis sin inár dtuarascáil.

Athbhreithnímid, ar iarratas na Stiúrthóirí, an amhlaidh a léiríonn an ráiteas deonach ar leathanaigh 8 go 14 gur chomhlíon an Ghníomhaireacht naoi bhforáil an Chóid Chomhcheangailte um Rialachas Corparáideach atá sonraithe le haghaidh ár

n-athbhreithniú ag rialacha liostaithe Stocmhalartán na hÉireann. Ní éilítear orainn a mheas an gclúdaítear gach priacal i ráitis an Bhoird maidir le smachtanna inmheá-nacha nó ní éilítear orainn tuairim a thabhairt ar éifeacht ghnáthaimh na Gníomhaireachta um rialachas corparáideach nó ar a gnáthaimh um priacal agus smacht.

Léamar an fhaisnéis eile atá sa tuarascáil bhliantúil, agus measaimid an bhfuil sé comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais iniúchta. Ní chuimsítear san fhaisnéis eile ach tuarascáil na Stiúrthóirí agus tuarascáil an Chathaoirligh. Measaimid na himpleachtaí dár dtuarascáil má thagaimid ar eolas gur cosúil go bhfuil aon ráitis earráideacha ann nó míréireachtaí ábhartha i dtaca leis na ráitis airgeadais.

An bonn leis an tuairim iniúcháireachta
Rinneamar ár n-iniúcháireacht de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchtóireachta (an Ríocht Aontaithe agus Éire) atá eisithe ag Bord na gCleachtas Iniúcháireachta. In iniúcháireacht cuimsítear scrúdú, ar bhonn trialach, ar fhianaise a bhaineann leis na méideanna agus na faisnéisithe sna ráitis airgeadais. Clúdaítear freisin measúnú ar na meastacháin shuntasacha agus ar na breithiúnais atá déanta ag na stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus meastar an oireann na polasaithe cuntasaíochta do thoscaí na cuideachta, agus an bhfuil siad á bhfeidhmiú go comhsheasmhach agus á bhfaisnéisiú go sásúil.

Phleanamar agus d'fheidhmiomar ár n-iniúcháireacht ionas go bhfaighfí an fhaisnéis agus na miniúcháin go léir a mheasamar a bheith riachtanach chun dóthain fianaise a chur ar fáil dúinn mar shásamh réasúnta go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíríteas ábhartha, cuma ar tharla a leithéid de bharr calaoise nó mírialtachta nó earráide eile. Chun teacht ar ár dtuairim mheasúnaíomar freisin ar leor go foriomlán an chaoi ar cuireadh faisnéis i láthair sna ráitis airgeadais.

Tuairim
Is í ár dtuairim:

- go dtugann na ráitis airgeadais léiriú fíor cothrom, de réir na gCleachtas Cuntasaíochta Inghlactha Coitianta in Éirinn,ar an staid ina raibh gnóthaí na Gníomhaireachta ar 31 Nollaig 2005 agus dá caillteanas don bhliain dár chríoch ansin
- gur ullmhaíodh na ráitis i gceart faoi réir Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2005.


Fuaireamar an fhaisnéis agus na miniúcháin go léir ba ghá dar linn chun críocha ár n-iniúcháireachta. Is í ár dtuairim gur choimeád an Ghníomhaireacht leabhair chuntais chúí. Tá na ráitis airgeadais ar comhaontú leis na leabhair chuntais.

Is í ár dtuairim go bhfuil an fhaisnéis a

thugtar i dTuarascáil na Stiúrthóirí i gcomhréir leis na ráitis airgeadais.

Mar a deirtear sa Chlár Comhardaithe, is mó glansócmhainní na Gníomhaireachta ná a leath d'oiread a scairchaipitil ghlaoite, agus is í ár dtuairim, ar an mbonn sin, nach raibh ar 31 Nollaig 2005 staid airgeadais ann a d'éileodh cruinniú ginearálta urghnách na Gníomhaireachta a ghairm faoi Mhír 40(1) d'Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1983.

KPMG
Cuntasóirí Cairte
Iniúcháirí Cláraithe
23 Márta 2006





RÁITEAS I LEITH POLASAITHE CUNTASAÍOCHTA

Ach amháin mar a nótáítear thíos, cuireadh na polasaithe cuntasaiochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach i dtaca leis na míreanna a mheastar a bheith ábhartha maidir le ráitis airgeadais na Gníomhaireachta. Sna ráitis airgeadais seo glacadh leis na caighdeáin nua seo a leanas den chéad uair:

- FRS 21 – ‘Cásanna tar éis dáta an chláir chomhardaithe’,
- FRS 23 – ‘Éifeachtaí de bharr athruithe i rátaí malairte eachtraí’,
- FRS 25 – ‘Ionstraimí airgeadais: cur i láthair agus faisnéisiú’,
- FRS 26 – ‘Ionstraimí airgeadais: tomhas’,
- FRS 28 – ‘Méideanna comhréireacha’.

Glacadh freisin leis na riachtanais aitheantais agus tomhais in FRS 17 ‘Sochair Scoir’; roimhe seo níor leanadh ach faisnéisithe trasdulta an chaighdeáin sin.

Leagtar amach thíos na polasaithe cuntasaiochta faoi na caighdeáin nua seo, mar aon le tásc ar a n-éifeacht de thoradh glacadh leo. Ní raibh éifeacht ábhartha ag FRS 21 agus FRS 28.

An bonn ullmhúcháin
Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir choinbhinsiún an chostais stairiúil, ach amháin go luaitear ag luach cothrom maidir le priacal fálaith na sócmhainní airgeadais agus na dliteanais airgeadais atá arna bhfálú.

Cloíonn na ráitis airgeadais leis an gcleachtas cuntasaiochta a nglactar leis i gcoitinne in Éirinn. Clúdaítear ansin go gcoítear le dlí na hÉireann agus le Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais (CTA) (FRS) Bhord na gCaighdeán Cuntasaiochta faoi mar a fógraíodh iad ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn. Na polasaithe cuntasaiochta a leagtar amach thíos, cuireadh i bhfeidhm iad i leith gach tréimhse a thaispeáintear sna ráitis airgeadais seo, ach amháin mar a mhínítear thíos:

Ghlac an Grúpa le FRS 17 “Sochair Scoir” sna ráitis airgeadais seo. Ós rud é gur athrú i bpolasaí cuntasaiochta é seo, leasaíodh an cuntas ioncaim agus caiteachais, an ráiteas i leith na ngnóthachan agus na gcaillteanas aitheanta iomlán, agus clár comhardaithe na Gníomhaireachta chun a léiriú gur glacadh le FRS 17. Na figiúirí i leith na tréimhse roimhe, tá siad athluaite chun a léiriú gur tógadh amach na costais phinsin agus an réamhíocaíocht faoi SSAP 24 agus gur cuireadh isteach an costas, an dliteanas agus an staid acmhainne faoi FRS 17. Níl aon tionchar ar an sreabhadh airgid de bharr glacadh le FRS 17.

Bhain an Ghníomhaireacht úsáid as an díolúine faoi pharagraf 108D de FRS 26 ionas nach ndéantar na comparáidí do FRS 23, FRS 25 agus FRS 26 a athlua. Da bharr sin, ní fheidhmeoidh polasaithe áirithe cuntasaiochta ach ó 1 Eanáir 2005, seachas comparáidí 2004.

Na polasaithe cuntasaiochta i leith na

míreanna seo a úsáideadh chun comparáidí 2004 a ullmhú, tá siad leagtha amach i bPolasaithe Cuntasaíochta 2004 ag deireadh na coda seo den ráiteas. Tá suntas tugtha dó seo ar pholasaí gaolmhar 2005 le réiltín sa cheannteideal chun an athrú polasaí a chur in iúl. San áit nach bhfuil réiltín, feidhmíodh polasaí 2005 go comhréireach sa dá thréimhse a chuirtear i láthair sna ráitis airgeadais. Na coigeartuithe carnacha réamhbhliana a bhaineann le difríochtaí de thoradh na trí chaighdeán seo a chur i bhfeidhm, cinntítear agus aithnítear iad ar 1 Eanáir 2005. I nóta 25, tá míniú ar an gcaoi a ndeachaigh na coigeartuithe seo i gcion ar an staid airgeadais thuairiscthe, ar an bhfeidhmíocht airgeadais agus ar shreabhaí airgid na Gníomhaireachta.

Dlíteanais airgeadais*
Rangaítear mar dhlíteanais ionstraimí eisithe airgeadais nó a gomhchodanna nuair is é is brí leis an socrú conartha go mbíonn oibleagáid reatha ar an nGníomhaireacht airgead nó sócmhainn airgeadais eile a sheachadadh don sealbhóir, nó ionstraimí airgeadais a mhalartú ar théarmaí a d'fhéadfadh bheith mífhabhrach, nó an oibleagáid a shásamh ar bhealach eile seachas méid seasta d'airgead a mhalartú nó sócmhainn airgeadais eile ar líon seasta de scaireanna cothromais.

Aithnítear dlíteanais ar dtús ar luach cothrom, is é sin fáiltais a n-eisiúna (luach cothrom na comaoine a fuarthas) glan ó aon chostais idirbheartaíochta a íocadh. Ina dhiaidh sin tomhaistear dlíteanais airgeadais ar chostas

amúchta, ach go n-aithnítear sa chuntas ioncaim agus caiteachais aon difríocht idir na fáiltais glan ó chostais idirbheartaíochta agus an luach fuascailte, agus úsáid a bhaint as modh an úis éifeachtaigh.

I ndlíteanais airgeadais cuimsítear go príomha bannaí treoirnaschta, Stoc na Gníomhaireachta Airgeadais Tithíochta agus Páipéar Tráchtála Eorpach.

Infheistíochtaí gearrthéarma*
Is é atá in infheistíochtaí gearrthéarma go príomha nótaí gealltanais nó páipéar tráchtála agus tomhaistear iad ar dtús ar luach cothrom na comaoine a íocadh agus sealbhaítear iad ina dhiaidh sin ar chostas amúchta. Aithnítear ioncam ó infheistíochtaí dá leithéid ar bhonn ús éifeachtach thar an tréimhse go dtí aibíocht.

Ráta úis éifeachtach*
Aithnítear ar bhonn ráta úis éifeachtach an t-ús atá infhaighte agus iníochta ar ionstraimí airgeadais a rangaítear mar iasachtaí agus airleacain, nó dlíteanais ar chostas amúchta. Cuirtear san áireamh anseo an t-ús a fuarthas nó a íocadh, táillí agus coimisiúin a íocadh nó a fuarthas ar cuid bhunúsach iad den toradh chomh maith le costais bhreiseíocha idirbheartaíochta. Ag tús an bhanna threoirnaschta, measadh an chomhchuid bhoilscithe den toradh mar dhlúthchuid de, agus mar sin, cuimsítear an toradh tuartha boilscithe san áireamh maidir leis an ráta úis éifeachtach, agus déantar athmheas air gach leath bliana. Is é an ráta úis éifeachtach an ráta a lascainíonn na

sreabhaí tuartha airgid sa todhchaí, thar shaol ionchasach na hionstraime airgeadais nó, nuair is cuí tréimhse níos giorra, go dtí méid carraeireachta na sócmhainne airgeadais nó an dlíteanais airgeadais ar bhonn aitheantas tosaigh.

De bhreis air sin, ó 2000 go dtí Aibreán 2006, ghlac an Ghníomhaireacht páirt i scéim chúiteamh de chineál inar íocadh méid cúitimh le húdaráis áitiúla a tharraing caillteanais orthu féin de dheasca neamhréireachtaí ina leabhair iasachtaí ar ráta seasta 10%. Cuireadh é seo sa chuntas agus an ráta úis éifeachtach ar na hiasachtaí do na húdaráis áitiúla seo á áireamh.

Iasachtaí agus infhaighteachtaí*
Ar dtús, is ionann iasachtaí agus airleacain agus tomhas a dhéanamh ar luach cothrom den chomaoin a fuarthas agus a shealbhaítear ina dhiaidh sin ar chostas amúchta lúide lagú. Aithnítear ioncam ar iasachtaí agus infhaighteachtaí ar ráta úis éifeachtach.

Lagú iasachtaí agus infhaighteachtaí*
Measúnóidh an Ghníomhaireacht lagú go haonarach i gcás sócmhainní airgeadais atá tromchúiseach agus go haonarach nó go comhchoitianta i gcás sócmhainní nach bhfuil tromchúiseach. Sainaitnítear lagú aonair ar shainleibhéal frithpháirtí i ndiaidh fianaise oibiachtúil gur lagaíodh sócmhainn airgeadais. Is féidir é seo tarlú má mhainnítear ar íocaíocht úis nó bunairgid nó má sháraítear cúnant bainc. Cinntítear luach reatha sreabhadh airgid in-athfhála tar éis aon urrús a shealbhaítear a chur san áireamh.

Áirítear méid aon lagaithe trí chomparáid a dhéanamh idir luach reatha na sreabhaí airgid, agus iad á lascainiú ar ráta úis éifeachtach na hiasachta ag a tús, agus luach carraeireachta an chláir chomhardaithe. Má tá lagú ann, coigeartaítear an luach carraeireachta agus cuirtear an difríocht mar mhuirear ar an ráiteas ioncaim.

Déantar luach leagtha anuas na hiasachta lagaithe a chomhréiteach siar go dtí an glan-iarmhéid inréadaithe thar am agus an ráta úis éifeachtach bunaidh á úsáid. Tuairiscítear é seo trí ús infhaighte laistigh den ráiteas ioncaim, agus is ionann é agus díchorradh an úis. Déantar díscríobh nuair a mheastar nach féidir éileamh, nó cuid d'éileamh, a chruinniú, nó nuair a mhaitear é. Déantar na díscríobhaí a mhuirearú in aghaidh soláthar bunaithe roimhe sin in aghaidh lagú nó díreach go dtí cuntas ioncaim agus caiteachais.

Sna cúinsí go ndéantar sócmhainn a mheasúnú go haonarach maidir le lagú, ach nach bhfuil aon fhianaise oibiachtúil go bhfuil lagú ann, b'fhéidir go ndéanfaí í a mheasúnú go comhchoitianta. Sainaitnítear lagú comhchoitianta i gcás grúpaí de shócmhainní a bhfuil saintréithe priacail i bpáirt acu. Measúnaítear lagú comhchoitianta le modheolaíocht atá bunaithe ar thoscaí reatha priacail nó ar dhálaí reatha a bhfuil comhghaolmhaireacht tréan acu chun mainneachtana.

Díorthaithigh agus fálú*
Aithnítear díorthaithigh ar dtús ag luach

cothrom ar dháta déanta an chonartha, agus ina dhiaidh sin rangaítear iad mar shócmhainní nó mar dhlíteanais airgeadais a shealbhaítear le haghaidh trádála mura sainítear iad mar ionstraimí fálaithe. Nuair atá luach cothrom dearfa ag díorthaitheach, déantar é a charraerú mar shócmhainn dhíorthaitheach, agus nuair atá an luach diúltach, mar dhlíteanas díorthaitheach. An gnóthachan nó an chailliúint arna atomhas go luach cothrom ar dháta an chláir chomhardaithe, tugtar é sin go dtí an ráiteas ioncaim.

Faoin gcuntasóireacht fhálaithe, is féidir ionstraim airgeadais, de ghnáth díorthaitheach amhail comhaontú ráta ar aghaidh, a shainiú mar fhál d'ionstraim airgeadais eile ar nós urrús i leith iasachta nó fiachais. I dtús na gaolmhaireachta fálaithe, caithfear doiciméadachas a dhréachtadh ina sainítear an straitéis fálaithe, na hidirbhearta comhchodacha agus an mhodheolaíocht chun an éifeacht a thomhas.

Is ar bhonn leanúnach a dhéantar monatóireacht ar éifeacht an fhálaithe. Leantar leis an gcuntasaíocht fhálaithe má tá comhchoibhneas laistigh de raon de 80% agus 125% ag luach cothrom an fháil agus an réid fhálaithe le linn na tréimhse ó tástáladh an éifeacht den uair dheiridh nó go carnach ón tús.

Úsáideann an Ghníomhaireacht fálú sreabhadh airgid chun fálú a dhéanamh ar phriacal de bharr athruithe i sreabhaí airgid atá inchurtha i leith athruithe malairte

airgeadra eachtraigh i gcás na hionstraime bunúsaí (e.g. urrús fiachais), atá comhionann le sreabhaí airgid réad fálaithe in aghaidh shreabhadh airgid comhfhreagrach an díorthaithigh fálaithe. Aithnítear an chuid éifeachtach d'aon ghnóthachan nó de chaill-teanas i leith an díorthaithigh go díreach i gcothromas agus tugtar cuntas ar an réad fálaithe de réir an pholasaí i gcomhair na hionstraime airgeadais sin. Aithnítear aon chuid neamhéifeachtach d'aon ghnóthachan nó de chaillteanas láithreach sa chuntas ioncaim agus caiteachais. An méid a chuirtear siar i gcúlchistí, fanfaidh sé i gcothromas go dtarlaíonn na sreabhaí airgid sainithe agus ag an am a n-aithnítear, sa chuntas ioncaim agus caiteachais, an difríocht i malartú an airgeadra eachtraigh i leith an réid fhálaithe. Mura bhfuil súil go dtarlóidh na sreabhaí airgid, aithneofar an méid atá curtha siar i gcúlchistí sa chuntas ioncaim agus caillteanais.

I gcúinsí ina mbíonn an gaol fálaithe go neamhéifeachtach níos déanaí, nó go socraítear é go luath, nó go bhfoirceanntar é, sa chás sin athrangaítear na gnóthachain agus na caillteanais chomhlachais go dtí an cuntas ioncaim agus caiteachais sa tréimhse chéanna nó sna tréimhsí céanna a raibh tionchar ag an tsócmhainn nó an dlíteanas tionchar ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais.

Is féidir go mbeidh díorthaitheach neadaithe in ionstraim airgeadais eile, ar a dtugtar conradh óstaigh. Nuair nach bhfuil sainghréithe eacnamaíocha agus priacail an díorthaithigh neadaithe i ndlúthghaol leo siúd

atá ag an gconradh óstaigh, scartar an díorthaitheach neadaithe ón óstach agus coimeádtar é ar an gclár comhordaithe ar luach cothrom. Breactar gluaiseachtaí i luach cothrom go dtí an cuntas ioncaim agus caiteachais, agus tugtar cuntas ar an gconradh óstaigh de réir an pholasaí i leith ionstraim airgeadais den chineál sin.

Airgeadraí eachtracha*

Idirbhearta a ainmnítear in airgeadraí seachas an euro, taifeadtar iad de réir an ráta atá i réim ag dáta na n-idirbheart sin. Na sócmhainní agus na dliteanais a éiríonn dá bharr, aistrítear iad de réir an ráta atá i réim ag dáta an chláir chomhardaithe agus déileáiltear leis na difríochtaí malairte sa chuntas ioncaim agus caiteachais.

Léas oibriúcháin

Na costais a bhaineann le léasanna oibriúcháin, cuimsítear iad sa chaiteachas indíreach ar bhonn fabhraithe thar thréimhse an léasa.

Sócmhainní seasta inláimhsithe agus dímheas

Luaitear sócmhainní seasta inláimhsithe ar a gcostas lúide dímheas carntha. Áirítear an muirear dímheasa sa chaoi go ndíscríobhfar an bunchostas lúide luach iarmharach gach sócmhainne seasta thar a shaol ionchais úsáideach.

Daingneáin agus Feistis

Trealamh ríomhaireachta líne dhíreach thar 3 bliana

Trealamh neamhríomhaireachta

líne dhíreach thar 5 bliana

Athbhreithnítear go tréimhsiúil na meastacháin ar shaol ionchais úsáideach. Más gá, déantar soláthar freisin in aghaidh lagú ar bith do shócmhainní seasta inláimhsithe.

Pinsin

Is ionann glanbharrachas na Gníomhaireachta maidir lena plean sochair shainithe agus luach reatha na sochar a bheidh infíoctha le fostaithe sa todhchaí i gcúiteamh a seirbhíse sna tréimhsí reatha agus roimhe seo, tar éis luach cothrom aon sócmhainní de phlean a asbhaint. Is é an ráta lascaine a úsáidtear toradh an mhargaidh ar bhannaí corparáide ardcháilíochta ag dáta an chláir chomhardaithe a bhfuil dátaí aibíochta acu atá meathchóngarach le téarmaí oibleagáid na Gníomhaireachta. Déanann achtúire cáilithe an t-áireamh trí úsáid a bhaint as modh an aonadchostais réamh-mheasta. Tugtar gnóthachain agus caillteanais achtúireachta díreach go cúlchistí le linn na tréimhse lena mbaineann siad.

Clúdaíonn an muirear ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais an costas reatha seirbhíse, an costas seirbhíse cheana, costas úis dhliteanais na scéime, agus an toradh ionchasach ar shócmhainní scéime.

An euro

Luaitear na ráitis airgeadais in euro.

Polasaithe Cuntasaíochta 2004
Bannaí treoirnasctha

Na bannaí treoirnasctha a úsáidtear chun punann iasachtaí na Gníomhaireachta a mhaoiniú, luaitear iad ag a luach ainmniúil lúide an lascaine nó préimh neamh-amúchta ar bhannaí atá ar eisiúint ag deireadh na bliana móide an phréimh a sholáthraítear ar a bhfuascailt. Maidir le costais dhíreacha bannaí atá comhdhéanta den phréimh ar a bhfuascailt, den lascaine nó den phréimh ar a n-eisiúint, agus de chostais eisiúna eile, amúchtar iad ón dáta eisiúna go dáta aibíochta na mbannaí ar bhonn úis éifeachtaigh.

Tugtar míniú ar chostais dhíreacha iomlána bannaí ar bhonn fíorthraidh. Dá bhrí sin, costáiltear na costais seo ar bhuanráta toraidh fhírinne. Cuimsíonn costais dhíreacha bannaí freisin an éifeacht bhoilscithe a tharlaíonn de bharr athruithe sna rátaí innéacsaithe bunúsacha.

Préimh ar fhuascailt bannaí treoirnasctha

An phréimh ar fhuascailt bannaí treoirnasctha, léiríonn sí an phréimh atá fabhraithe go dáta cothrom i dtaca leis an méadú faoin gcéad san Innéacs Praghsanna Tomhaltais de réir théarmaí na heisiúna, lúide méideanna a iarchuireadh ag deireadh na bliana, a chuirfear mar mhuirear ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais thar fhuíoll shaol na mbannaí.

Stoc na Gníomhaireachta Airgeadais
Tithíochta

Luaitear stoc na Gníomhaireachta Airgeadais

Polasaithe Cuntasaíochta 2004
(ar lean)

Infheistíochtaí gearrthéarma (*ar lean*)

Tithíochta ag a luach ainmniúil lúide an lascaine neamh-amúchta atá ar eisiúint ag deireadh na bliana. Amúchtar lascaine ar eisiúint ar bhonn úis éifeachtaigh ón dáta eisiúna go dáta aibíochta an stoic.

Infheistíochtaí gearrthéarma

Go príomha, is ionann infheistíochtaí gearrthéarma agus nótaí gealltanais nó páipéar tráchtála, agus luaitear iad ar an gcostas agus ar an nglanluach inréadaithe íseal. Aithnítear an t-ioncam ar na hinfheistíochtaí seo ar bhonn líne díri thar an tréimhse chun aibíochta agus fabhraítear é mar ús infhaighte go dtí aibíocht.

Soláthar le haghaidh fiacha amhrasacha

Déantar sainsoláthar le haghaidh fiacha amhrasacha aitheanta sa phunann iasachtaí roimh 27 Bealtaine 1986. Lena chois, déantar soláthar ginearálta chun riar ar phriacail drochfhiacha folaigh a d'fhéadfadh tarlú sa bhfuíoll d'iasachtaí morgáiste a tugadh do dhaoine aonair ach nár aithníodh go sainiúil fós. Níl aon soláthar déanta le haghaidh fiacha amhrasacha sa phunann tar éis 27 Bealtaine 1986 ó tá na húdaráis áitiúla tar éis an cúram priacail chreidmheasa a ghlacadh maidir leis na hairleacain sin. Cuirtear sainsoláthairtí agus soláthairtí ginearálta mar mhuirear ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais agus luaitear na hiasachtaí morgáiste a tugadh tar éis na soláthairtí seo a asbhaint.

Chun leordhóthain na soláthairtí a mheas, cuireann an bhainistíocht san áireamh fachtóirí leithéidí riaráistí íocaíochtaí, comhdhéanamh na punainne, luach iarmharach an urrúis bhunúsaigh agus costais réadaithe an urrúis sin agus priacail eile a d'fhéadfadh cur isteach ar chumas aisíoca na n-iasachtaithe.

Aithint úis agus costais

Aithnítear ús ioncaim agus costais ar bhonn fabhruithe. Ach, mar a nótaíodh thuas, costais a tharlaíonn de bharr idirbhearta a dhíol amach, cuirtear siar iad agus gearrtar iad ar an gcuntas brabúis agus caillteanais thar shaol na n-idirbheart.

Costais eile maoinithe

Lascainí ar athmhaoiniú iasachtaí roimh Bhealtaine 1986, bannaí, stoic agus costais pháipéir thráchtála, cuirtear iad mar mhuirear ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais ina dtráthchodanna cothroma thar shaol na n-iasachtaí agus na gclár páipéir thráchtála agus thar thréimhse na mbannaí/an stoic.

Ionstraimí airgeadais díorthaitheacha

Is é an príomhchuspóir le hionstraimí airgeadais díorthaitheacha a úsáid ná priacal do shócmhainní agus do dhliteanais na Gníomhaireachta de dheasca gluaiseachtaí féideartha i rátaí eachtracha malairte agus úis a chothromú nó a chealú.

Aithnítear na díorthaithigh seo sna ráitis airgeadais de réir chóireáil chuntasóireachta na n-idirbheart bunúsach atá á bhfálú.

Airgeadraí eachtrannacha

Idirbhearta a ainmnítear in airgeadraí seachas an Euro, taifeadtar iad ar an ráta atá i réim ag dáta na n-idirbheart sin nó ar ráta a tabhaíodh. Aistrítear na sócmhainní agus na dliteanais iarmhartacha airgeadaíocha ar an ráta atá i réim ag dáta an chláir chomhardaithe nó ar ráta conartha agus déileáiltear leis na difríochtaí aistrithe sa chuntas brabúis agus caillteanais.

CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS

	Nóta	Bliain dár chríoch 31 Nollaig 2005 €'000	Bliain dár chríoch 31 Nollaig 2004 €'000 <i>Athluaite</i>
Ioncam - gníomhaíochtaí leanúnacha	4	81,845	79,370
Caiteachas díreach	5	(83,472)	(77,781)
(Easnamh)/barrachas ioncaim ar chaiteachas díreach		(1,627)	1,589
Caiteachas indíreach	6	(1,820)	(1,926)
(Easnamh) oibriúcháin don bhliain airgeadais - gníomhaíochtaí leanúnacha		(3,447)	(337)
Ioncam airgeadais	8	1,838	2,228
(Easnamh)/barrachas don bhliaina airgeadais		(1,609)	1,891

Níl aon difríocht shuntasach idir na torthaí mar a nochtar iad sa chuntas ioncaim agus caiteachais agus na torthaí ar costas stairiúil neamh-mhodhnaithe sa bhliain reatha nó sa bhliain roimhe.

Athluadh na figiúirí don tréimhse roimhe chun glacadh le FRS 17 (féach nóta 2). Ach níor athluadh na comparáidí chun feidhmiú FRS 23, FRS 25 agus FRS 26 a léiriú. Tá siad seo i bhfeidhm le héifeacht ó 1 Eanáir 2005.

Thar cheann an Bhoird,


Edward Coffey
Cathaoirleach
23 Márta 2006


James Hehir
Stiúrthóir Bainistíochta
23 Márta 2006

RÁITEAS I LEITH NA NGNÓTHACHAN AGUS NA GCAILLTEANAS AITHEANTA IOMLÁN

	Bliain dár chríoch 31 Nollaig 2005 €'000	Bliain dár chríoch 31 Nollaig 2004 €'000 <i>Athluaite</i>
(Easnamh)/barrachas oibriúcháin don bhliain airgeadais	(1,609)	1,891
Caillteanais achtúireacha	(211)	(77)
Fálú sreabhadh airgid	-	-
- Méid aitheanta i gcothromas	(41,554)	-
- Aistrithe go cuntas ioncaim agus caiteachais	41,554	-
Gnóthachain agus caillteanais aitheanta iomlána do bhliain	(1,820)	1,814
Coigeartuithe na bliana roimhe – FRS 17 (nóta 2)	216	
Coigeartú idir tréimhse ar 1 Eanáir 2005 de bharr Glacadh le FRS 23, FRS 25 agus FRS 26 (Nóta 25)	588	
Caillteanais iomlána ón Tuarascáil bhliantuil	(1,016)	

Athluadh figiúirí na tréimhse roimhe chun glacadh le FRS 17 (féach nóta 2). Ach níor athluadh na comparáidí chun feidhmiú FRS 23, FRS 25 agus FRS 26 a léiriú. Tá siad seo i bhfeidhm le héifeacht ó 1 Eanáir 2005.

CLÁR
COMHARDAITHE

	Nóta	Bliain dár chríoch 31 Nollaig 2005 €'000	Bliain dár chríoch 31 Nollaig 2004 €'000 <i>Athluaite</i>
Sócmhainní in úsáid			
Sócmhainní seasta inláimhsithe	10	41	67
Sócmhainní reatha			
Fiachóirí (airleacain dlíte tar éis breis is bliain: €2,574,427 [2004: €2,419,263])	9	2,964,162	2,756,832
Ionstraimí airgeadais díorthaitheacha	17	41,784	-
Airgead sa bhanc agus ar láimh	11	1	1
		3,005,947	2,756,833
Creidiúnaithe(méideanna atá dlíte laistigh de bhliain)	12	(1,952,815)	(1,942,967)
Ionstraimí airgeadais díorthaitheacha	17	(230)	-
Glansócmhainní reatha		1,052,902	813,866
Sócmhainní go hiomlán lúide dlíteanais reatha		1,052,943	813,933
Creidiúnaithe (méideanna a bheidh dlíte tar éis breis is bliain)	13	(516,556)	(289,136)
Urrúis fiachais in eisiúint			
Bannaí treoirnasotha	14	(411,827)	(399,489)
Stoc 8.75% na Gníomhaireachta Airgeadais Tithíochta 2018	15	(90,834)	(90,473)
Glansócmhainní roimh bharrachas pinsin		33,726	34,835
Barrachas Pinsin	24	175	298
Glansócmhainní		33,901	35,133
Caipiteal agus cúlchistí			
Scairchaipiteal glaoite	19	39	39
Barrachas coinnithe		33,862	35,094
Cistí scairshealbhóirí	22	33,901	35,133

Athluadh figiúirí na tréimhse roimhe chun glacadh le FRS 17 (féach nóta 2). Ach níor athluadh na comparáidí chun feidhmiú FRS 23, FRS 25 agus FRS 26 a léiriú. Tá siad seo i bhfeidhm le héifeacht ó 1 Eanáir 2005.

Thar cheann an Bhoird,



Edward Coffey
Cathaoirleach
23 Márta 2006



James Hehir
Stiúrthóir Bainistíochta
23 Márta 2006

RÁITEAS I LEITH
SHREABHADH
AIRGID

	Nóta	Bliain dár chríoch 31 Nollaig 2005 €'000	Bliain dár chríoch 31 Nollaig 2004 €'000 <i>Athluaite</i>
Eis-sreabhadh airgid óghníomhaíochtaí oibriúcháin	20(a)	(126,687)	(6,548)
Torthaí ar infheistíochtaí agus ar fhónamh airgeadais	20 (b)	(71,630)	(69,379)
Caiteachas Caipitil	20((b)	(14)	(40)
Eis-sreabhadh airgid roimh ghníomhaíochtaí maoinithe		(198,454)	(75,967)
Gníomhaíochtaí maoinithe- glaninsreabhadh airgid ó mhaoiniú	20(b)	199,759	74,232
Méadú/(laghdú) ar airgead sa bhliain		1,428	(1,735)

RÉITEACH GLANSREABHAIDH
AIRGID LE GLUAISEACHT SA
GHLANFHIACHAS

	Nóta	Bliain dár chríoch 31 Nollaig 2005 €'000	Bliain dár chríoch 31 Nollaig 2004 €'000
Méadú/(laghdú) ar airgead sa bhliain		1,428	(1,735)
Insreabhadh airgid ó athrú ar mhaoiniú fiachais		(199,759)	(74,232)
Gluaiseachtaí neamh-airgid	20(c)	(54,235)	(10,564)
Gluaiseacht i nglanfhiachas		(252,689)	(86,531)
Glanfhiachas ag tús na bliana	20(c)	(2,706,312)	(2,619,781)
Glanfhiachas ag deireadh na bliana	20(c)	(2,959,001)	(2,706,312)

Athluadh figiúirí na tréimhse roimhe chun glacadh le FRS 17 (féach nóta 2). Ach níor athluadh na comparáidí chun feidhmiú FRS 23, FRS 25 agus FRS 26 a léiriú. Tá siad seo i bhfeidhm le héifeacht ó 1 Eanáir 2005.



Nótaí

Atá ina gcuid de na ráitis airgeadais

1 | Stádas na Gníomhaireachta agus idirbhearta le páirtithe gaolmhara

Is cuideachta faoi theorainn scaireanna an Ghníomhaireacht Airgeadais Tithíochta cpt atá arna chur ar aghaidh ar an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil faoi théarmaí an Achta um Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe, 1981. Tá an scairchaipiteal eisithe in úinéireacht thairbhiúil an Aire Airgeadais. Cumadh an Ghníomhaireacht mar chuideachta theoranta phríobháideach ar 8 Feabhra 1982 agus rinneadh cuideachta theoranta phoiblí di ar 13 Eanáir 1983.

Ní raibh aon idirbhearta le páirtithe gaolmhara i rith na bliana de réir chiall Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais Uimhir 8 um Fhaisnéisiú Páirtithe Gaolmhara seachas déileálacha le comhlachtaí eile Rialtais. Déileálann an Ghníomhaireacht le comhlachtaí Rialtais eile sa ghnáthchúrsa gnó; go háirithe, socraítear cuid shuntasach de mhaoiniú na Gníomhaireachta le Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta agus díorthaítear ioncam ó ghníomhaíochtaí leanúnacha de bharr iasachtaí d’údaráis áitiúla.

2 | Coigeartú na bliana roimhe

Tá an Ghníomhaireacht tar éis glacadh le Caighdeána Tuairiscithe Airgeadais 17 “Sochair Scoir” (“CTA 17”)(FRS 17) agus cuntais na bliana dar chríoch 31 Nollaig 2005 á n-ullmhú aici. Baineann FRS 17 le gach cineál sochair a sholáthraíonn fostóir tar éis d’fhostaithe a seirbhís a chríochnú, agus pinsin agus sochair eile scoir san áireamh.

Faoi FRS 17 éilítear go luacháiltear sócmhainní scéime ar luach cothrom, agus tomhaistear dlíteanais scéime ar bhonn mhodh an aonaid fhorthteil-gthe. Caithfear glansócmhainní agus glandlíteanais scéime, arna laghdú de mhéideanna cánach iarchurtha, a thaispeáint ar aghaidh an chlár chomhardaithe mar bharrachas nó mar easnamh pinsin de réir mar is cuí. Roimhe seo níor aithníodh barrachas nó easnamh ar chlár comhardaithe na Cuideachta.

Faoi FRS 17, sa chuntas ioncaim agus caiteachais a chuirtear faoi mhuirear, tá dhá chomhchuid, na costais reatha seirbhíse a thaifeadtar i speansais riaracháin, agus an glanmhéid de thoradh ionchasach ar shócmhainní pinsin agus costais úis na ndlíteanas pinsin a thaifeadtar in ioncam airgeadais eile. Roimhe cinntíodh an muirear ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais de réir rátaí maoinithe a mhol achtúirí cáilithe.

Aithnítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha trí ráiteas na ngnóthachan agus na gcaillteanas aitheanta iomlán. Roimhe seo leathadh na gnóthachain agus na caillteanais seo sa chuntas ioncaim agus caiteachais mar chomhpháirt de chostas pinsin ar feadh fhuíoll shaol seirbhíse na bhfostaithe.

2 | Coigeartú na bliana roimhe (ar lean)

Mar gheall ar an athrú sa pholasaí cuntasóireacht ag eascairt as glacadh le FRS 17 tá réamhthréimhse coigeartaithe i gceist, agus athluaitear na figiúirí comparáideacha dá réir. Leagtar amach tionchar an choigeartaithe réamhthréimhse síos. B'é príomhthionchar an athraithe sa pholasaí cuntasóireachta ná méid iomlán an bharrachais sa scéim pinsin le sochar sainithe, arna thomhas de réir FRS 17, a thaifead ar an golár comhardaithe.

	Mar a tuairiscíodh faoi SSAP 24 €'000	Coigeartú na bliana roimhe €'000	Mar a athluadh faoi FRS 17 €'000
Cuntas ioncaim agus caiteachais			
Ioncam – gníomhaíochtaí leanúnacha	79,370	-	79,370
Caiteachas díreach	(77,781)	-	(77,781)
Barrachas ioncaim ar chaiteachas díreach	1,589	-	1,589
Caiteachas indíreach	(1,998)	72	(1,926)
Barrachas oibiúcháin don bhliain airgeadais	(409)	72	(337)
Ioncam airgeadais	2,184	44	2,228
Barrachas don bhliain airgeadais	1,775	116	1,891

Ráiteas na ngnóthachan agus na gcaillteanas aitheanta iomlán

Barrachas oibriúcháin don bhliain Airgeadais	1,775	116	1,891
Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach	-	(77)	(77)
	1,775	39	1,814

Clár Comhardaithe

Sócmhainní seasta inláimhsithe	67	-	67
Fiachóirí	2,756,914	(82)	2,756,832
Airgead sa bhanc agus ar láimh	1	-	1
Creidiúnaithe dlite laistigh de bhliain	(1,942,967)	-	(1,942,967)
Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha	814,015	(82)	813,933
Creidiúnaithe dlite tar éis breis is bliain	(289,136)	-	(289,136)
Bannaí treoirtasctha	(399,489)	-	(399,489)
Stoc 8.75%GAT (HFA) 2018	(90,473)	-	(90,473)
Glansócmhainní roimh bharrachas pinsin	34,917	(82)	34,835
Barrachas Pinsin	-	298	298
Glansócmhainní	34,917	216	35,133
Scairchaipiteal glaoite	39	-	39
Barrachas coinnithe	34,878	216	35,094
Cistí - cothromas scairshealbhóirí	34,917	216	35,133

3 | Stádas cánach na Gníomhaireachta

Faoi Mhír 218 den Acht Comhdhlúthaithe Cánach, 1997, ioncam a thuilleann an Gníomhaireacht Airgeadais Tithíochta cpt, de thoradh iasachtaí agus airleacain a thabhairt faoi Mír 5 den Acht um Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe, 1981, tá sé díolmhaithe ó Cháin Chorporáide. Ioncam atá inchurtha mar mhuirear faoi Chás III, Sceideal D, tá sé díolmhaithe freisin ó Cháin Chorporáide.

Faoi Mhír 172(A) den Acht Comhdhlúthaithe Cánach 1999, tá an Ghníomhaireacht i dteideal díbhinní a íoc comhlán de Cháin Díbhinní Shiarchoinneálach

4 | Ioncam - gníomhachtaí leanúnacha*

	31 Nollaig 2005 €'000	31 Nollaig 2004 €'000
Ús ar airleacain a ceadaiódh d'údaráis áitiúla:		
